Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 6

# Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 6, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh ar thuarastail agus ar chostais in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €235,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Luacháil ar shócmhainní caipitil***

Mar a fhoráiltear i gCiorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag an Oifig chun a cuid sócmhainní caipitil a chaipitliú.

***Ioncam fabhraithe***

Is ionann ioncam fabhraithe agus costais a ngearrtar cáin orthu atá dlite don Stát nach bhfuil gnóthaithe fós. Is é polasaí na hOifige dul sa tóir ar gach costas a ngearrtar cáin orthu a dhámhtar i bhfabhar an Stáit.

***Táillí abhcóide fabhraithe***

Tá nótaí maidir le táillí abhcóidí a fuarthas ó abhcóidí faoi réir phróiseas meastóireachta agus measúnaithe chun leibhéal na dtáillí atá dlite a dhéanamh amach. Ríomhtar fabhrú dheireadh na bliana i ndáil le dliteanais táillí abhcóide trí ráta measta atá marcáilte anuas a chur i bhfeidhm (bunaithe ar ráta marcáilte anuas a baineadh amach le linn an phróisis measúnaithe agus meastóireachta i mbliain an chuntais) ar nótaí táillí abhcóide ar lámh ag deireadh na bliana. Is ionann sin agus athrú ar pholasaí cuntasaíochta i gcuntas 2020.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Comhlíontar an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a athaifeadadh go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla ar fáil d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéanfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú á dhéanamh ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go bhfuil ach go háirithe:

- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach ann
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- córais ann ina ndírítear ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bainistiú tionscadail.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig ó bhí 2015 ann i bhfoirm comhaontaithe conartha le cuideachta ghairmiúil iniúchóireachta ag a bhfuil pearsanra le hoiliúint chuí agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Glacann sí le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige san áireamh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanann mé féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith tuairiscí ón bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí.

Bhí feidhm iniúchóireachta inmheánaí don Oifig i bhfeidhm le linn 2020.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Cinntíonn an Oifig go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go mbítear ag comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad. Chloígh an oifig leis na treoirlínte in 2020 seachas i gcás dhá chonradh (sa bhreis ar €25,000), a raibh luach €141,936 ar an iomlán orthu (gan CBL san áireamh). Tá na sonraí leagtha amach thíos.

- Leanadh le conradh amháin a bhfuil luach €104,947 (gan CBL san áireamh) air i leith seirbhísí dlí lasmuigh gan próiseas iomaíoch in 2020, a raibh síneadh air taobh amuigh de na dátaí conartha a socraíodh ar dtús. Tá sé i gceist ag an Oifig an scéal seo a thabhairt chun rialtachta in 2021.
- Bronnadh conradh amháin a raibh luach €36,989 (gan CBL san áireamh) air i leith seirbhís malartaithe doiciméad gan próiseas iomaíoch mar go mbaineann oifigí dlí sa Stát úsáid fhorleathan as an soláthróir.

Tá sonraí tugtha ag an Oifig ar chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Slándáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide***

Feidhmíonn an Oifig rialuithe dea-chleachtais d'fhonn príomhrioscaí slándála a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a mhaolú. Déantar athbhreithniú agus uasghrádú, nuair is gá, ar bhonn leanúnach ar chórais slándála TFC

***Rialuithe riaracháin agus airgeadais***

Déanann an Bord Bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú rialta ar rialuithe. Breithníonn an Coiste Iniúchóireachta gach tuairisc iniúchta inmheánaigh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn débhliantúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sanntar ann freagracht do bhaill foirne shonracha i ndáil le feidhmiú rialuithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha agus in am trátha. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuireann obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil obair mhonatóireachta na hOifige agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an eolas.

***Paindéim Covid-19***

Tháinig athrú ar an timpeallacht oibre nuair a thosaigh paindéim Covid-19 ag tús na bliana 2020 agus tugadh cianobair isteach nuair ab fhéidir. Mar thoradh air sin, thug an Oifig isteach roinnt mionathruithe nós imeachta agus rialaithe. Bunaíodh Foireann Bainistithe Géarchéime Leanúnachais Gnó (FBGLG), a raibh an Bord iomlán Bainistíochta mar chuid di, chun ceisteanna a thiocfadh chun cinn maidir le Covid-19 a bhainistiú agus tháinig na baill le chéile gach seachtain chun cúrsaí riosca agus rialaithe a bhí ag teacht chun cinn a phlé, a mheas agus a bhainistiú. Tháinig Foireann Bainistithe Freagartha in áit FBGLG agus tá ball den Bhord Bainistíochta i gceannas uirthi. Leanann an fhoireann de chruinnithe a bheith aici gach seachtain. Deimhním go bhfuil na rialuithe a bhí ann agus na cinn a tugadh isteach mar gheall ar Covid-19 fós éifeachtach.

Tá costais bhreise €588,000 a tabhaíodh sa bhliain 2020 aitheanta ag an Oifig a raibh baint dhíreach acu le freagairt na hOifige maidir lena bheith ag obair i dtimpeallacht Covid-19. Tarraingítear aird ar na costais bhreise is ábhartha sin sna míniúcháin ar dhifríochtaí le haghaidh fho-mhírcheann A(v) trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF. Tabhófar costais eile a bhaineann le Covid-19 in 2021.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais sna ráitis airgeadais maidir le 2020 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**Maria Browne**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

31 Márta 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 6 Oifig an Phriomh-Aturnae Stáit don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.  Níl baint ná páirt agam le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### *Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile*

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2021

# Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Seirbhísí dlí a sholáthar | 38,191 | 38,050 | 40,437 |
| **Ollchaiteachas** | | **38,191** | **38,050** | **40,437** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gCabhair** | 810 | 904 | 988 |
| **Glanchaiteachas** | | **37,381** | **37,146** | **39,449** |

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **234,806** | **166,519** |

**Maria Browne**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

31 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 16,088 | 20,333 |
| Pá | | 19,183 | 17,735 |
| Neamhphá | | 2,779 | 2,369 |
| **Ollchaiteachas** | | **38,050** | **40,437** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gCabhair** | | **904** | **988** |
| **Glanchaiteachas** | | **37,146** | **39,449** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (567) | | |
| Dímheas | 340 | (227) | 85 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 3,315 | | |
| Laghdú ar stoc | 18 | 3,333 | 174 |
| **Caiteachas díreach** | | **40,252** | **39,708** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 3,612 | 3,398 |
| Measchíosanna | | 865 | 865 |
| **Glanchostas an chláir** | | **44,729** | **43,971** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

I ndáil le Vóta 6 a tabhaíodh in áit eile, tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 2,091 | 1,904 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,493 | 1,464 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 28 | 30 |
| | | **3,612** | **3,398** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 738 | 511 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 1,381 | 1,982 |
| Stoic | 2.3 | 33 | 51 |
| Réamhíocaíochtaí | | 330 | 192 |
| Ioncam fabhraithe | 2.4 | 9,818 | 9,829 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 117 | 175 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **11,679** | **12,229** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 6,400 | 2,958 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 1,455 | 2,133 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.8 | 43 | 24 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **7,898** | **5,115** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 3,781 | 7,114 |
| **Glansócmhainní** | | **4,519** | **7,625** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.9 | **4,519** | **7,625** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus fearais | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 4,638 | 1,707 | 6,345 |
| Breiseanna | 526 | 41 | 567 |
| Diúscairtí | (13) | — | (13) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 5,151 | 1,748 | 6,899 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 4,244 | 1,590 | 5,834 |
| Dímheas don bhliain | 306 | 34 | 340 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (13) | — | (13) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 4,537 | 1,624 | 6,161 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **614** | **124** | **738** |
| | | | |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 394 | 117 | 511 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 1,378 | 1,980 |
| Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála | 3 | 2 |
| | **1,381** | **1,982** |

**Cuntais bhainc neamh-vóta**

Coinníonn CSSO roinnt cuntas bainc ar iontaobhas thar ceann ranna agus oifigí cliaint agus tríú páirtí a bhíonn páirteach in idirbhearta maoine. Ní dhéantar aon airgead atá dlite do vóta CSSO ná a íoctar ó vóta CSSO a tharchur trí na cuntais bhainc seo. B'ionann an méid a bhí coinnithe i gcuntais den chineál seo ag deireadh na bliana 2020 agus €7.67 milliún (2019: €7.25 milliún) agus níl sin san áireamh sa chuntas leithreasa.

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | **33** | **51** |

## 2.4 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 9,829 | 9,806 |
| Fáltais airgid | (21) | (71) |
| Socruithe | (54) | (98) |
| Breiseanna | 64 | 192 |
| Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig 2020 | **9,818** | **9,829** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 26 | 23 |
| Suim in-fhorchúitithe i ndáil leis an scéim pas taistil | 13 | 59 |
| Suim in-fhorchúitithe i ndáil leis an scéim um rothaíocht chun na hoibre | 9 | 8 |
| Aturnaetha Stáit | 69 | 69 |
| | **117** | **159** |

## 2.6 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
| --- | --- | --- |
| | €000 | €000 |
| Táillí abhcóide [a] | 6,206 | 2,645 |
| Speansais ghinearálta dlí | 75 | 107 |
| Speansais theagmhasacha | 61 | 61 |
| Innealra oifige | 17 | 56 |
| Postas agus teileachumarsáid | 13 | 38 |
| Speansais eile | 28 | 51 |
| | **6,400** | **2,958** |

Nóta [a] Is mar gheall ar athrú a bheith ar an bpolasaí cuntasaíochta i leith fabhruithe táillí abhcóide go príomha a bhí méadú ar an tsuim a taifeadadh (féach Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta).

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 364 | 351 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 194 | 189 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 395 | 1,146 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 78 | 79 |
| Cáin bhreisluacha | 2 | 30 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 1 |
| | 1,034 | 1,796 |
| | | |
| Maoin stáit – eastáit eiséata [a] | 421 | 337 |
| | **1,455** | **2,133** |

Nóta [a] Tá an t-iarmhéid seo iníoctha leis an Stát chomh maith. Taispeántar ar leithligh é sa tábla thuas mar go n-eascraíonn na méideanna eile uile atá dlite don Stát as oibríochtaí leanúnacha CSSO agus baineann an figiúr atá luaite le heastáit eiséata le hairgead tirim a bailíodh ó thríú páirtithe seachtracha ar ina leith atá CSSO ag fanacht ar threoracha diúscartha.

## 2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 235 | 167 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (192) | (143) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **43** | **24** |
| | | |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,381 | 1,982 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 117 | 175 |
| | 1,498 | 2,157 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (956) | (1,796) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (499) | (337) |
| | (1,455) | (2,133) |
| | | |
| | **43** | **24** |

## 2.9 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 7,625 | 7,884 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 37,381 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (235) | | |
| Glanvóta | | | 37,146 | 39,449 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 3,612 | 3,398 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíosanna | 1 | | 865 | 865 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (44,729) | (43,971) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **4,519** | **7,625** |

## 2.10 Ceangaltais

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | **832** | **807** |

## 2.11 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | **69** | **128** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a áireamh i gClár A chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 19,233 | 19,183 | 17,735 |
| ii | Taisteal agus cothú | 90 | 35 | 101 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,038 | 954 | 974 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 310 | 341 | 284 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 750 | 1,225 | 784 |
| vi | Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige | 250 | 161 | 166 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe luach ar airgead agus beartais | 100 | 63 | 60 |
| | | **21,771** | **21,962** | **20,104** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar meastacháin €750,000; toradh €1.225 milliún*

Is mar gheall ar an ngá a bhí ann na sócmhainní crua-earraí agus bogearraí riachtanacha a cheannach chun cianobair a éascú i dtimpeallacht Covid-19 a bhí farasbarr €475,000 ann faoin bhfo-mhírcheann seo.

## Clár A Seirbhísí dlí a sholáthar

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 19,233 | 19,183 | 17,735 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 2,538 | 2,779 | 2,369 |
| A.3 | Seirbhísí seachtracha dlí | 220 | 142 | 156 |
| A.4 | Táillí abhcóide | 15,000 | 15,246 | 19,237 |
| A.5 | Speansais ghinearálta dlí | 1,200 | 700 | 940 |
| | | **38,191** | **38,050** | **40,437** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €141,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí sé seo comhdhéanta de chomhiomlán (a) farasbarr €191,000 maidir le caiteachas riaracháin agus atá mínithe cheana féin agus (b) glanchoigilteas €332,000 a bhain le caiteachas neamhriaracháin mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó:

**A.5 Speansais ghinearálta dlí**

*Soláthar meastacháin €1.2 milliún; toradh €700,000*

Is mar gheall ar an neamhchinnteacht a bhain le dul chun cinn cásanna dlí sna cúirteanna, chomh maith le tionchar Covid-19, a raibh gníomhaíocht dlí i bhfad níos lú mar thoradh air, a bhí coigilteas €500,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin in 2020.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 200 | 221 | 257 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 610 | 683 | 731 |
| | **Iomlán** | **810** | **904** | **988** |

### 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais faoi Alt 10 den Acht Maoine Stáit, 1954 | 899 | 10,715 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (899) | (10,715) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

# Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

## 5.1 An líon fostaithe

| Coibhéis lánaimseartha ag deireadh na bliana | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Foireann CSSO dírithe ar phríomhghníomhaíochtaí | 271 | 273 |
| Foireann CSSO ag obair ar thionscadail do ranna/oifigí eile | 13 | 12 |
| | **284** | **285** |

## 5.2 Pá

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 18,413 | 16,881 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 101 | 98 |
| Liúntais eile | 8 | 7 |
| Ragobair | 21 | 72 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,726 | 1,540 |
| **Ollphá iomlán** | 20,269 | 18,598 |
| Aisghabhálacha ó ranna/oifigí eile | (1,086) | (863) |
| **Glanphá iomlán** | **19,183** | **17,735** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 33 | 1 | 11,047 | 11,011 |
| Liúntais eile | 4 | — | 1,870 | 1,848 |
| Ragobair | 15 | 1 | 10,137 | 30,923 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin. | 5 | 1 | 13,112 | 35,118 |

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 14 | 23,104 | 21,310 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 9 | 12,497 | — |